Chreid [Státseirbhíseach 1] go raibh sé i dteideal na marcanna bónais, ach bhí sé ráite go soiléir san fhógra comórtais nach dtabharfaí an chreidiúint as inniúlacht teanga ach amháin dóibh siúd a ghnóthaigh áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh iomaíche, rud nárbh amhlaidh ina chás siúd. Níorbh é feidhm na marcanna, mar a mhaígh [Státseirbhíseach 1], ord tosaíochta an ghearrliosta a shocrú, ach an t-ord fiúntais deiridh a chinnidh i measc na n-iarratasóirí sin a mheas an bord agallaimh gur éirigh leo ag an agallamh.”

Mar fhocail scoir, dhearbhaigh an Roinn go raibh sí sásta, bunaithe ar na cúiseanna seo, go raibh na forálacha maidir le creidiúint as inniúlacht teanga á gcur i bhfeidhm go cóir agus go cothrom, agus gur déileáladh le cás [Státseirbhíseach 1] mar ba chóir, agus thairg sí cruinniú d'Oifig an Choimisinéara Teanga le hathbhreithniú a dhéanamh ar na nithe sin nó leis an gcás a phlé, dá mba dhóigh leis an Oifig seo go mba chabhair a leithéid.

CAIBIDIL 3

Osradharc ar an Imscrúdú

Sa chás go raibh marcanna bónais de réir na gcioclán ábhartha, 43/75 agus 30/90, le bronnadh ar gach duine a raibh sé cruthaithe go cuí acu go raibh inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon acu sa chomórtas um ardú céime atá i gceist sa chás seo, bheadh [Státseirbhíseach 1] ar dhuine acu sin a bheadh i dteideal na marcanna sin. Dhearbhaigh sé féin don imscrúdú go raibh sé cáilithe go cuí de thoradh an scrúdaithe a thionóil Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí i ndeireadh na bliana 2008. Níor shéan an Roinn Coimirce Sóisialaí é seo. Dúirt an Roinn leis an imscrúdú gur mhaígh “*seachtar as an 59 iarratasóir go raibh inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla acu*”. Tugadh marcanna bónais do 3 de na 7 sin as a n-inniúlacht i nGaeilge agus i mBéarla mar gur éirigh leo i gcéim an agallaimh den chomórtas. Níor tugadh marcanna bónais as ucht inniúlacht teanga don 4 eile, [Státseirbhíseach 1] san áireamh, mar nár éirigh leo áit a fháil ar an bpainéal de thoradh agallaimh.

Rinne an Roinn roinnt argóintí éagsúla mar thaca leis an gcúis a bhí acu gan marcanna bónais a bhronnadh ar an ngearánach sa chás seo.

Marcanna bónais mar rogha ag an Roinn i gcomórtais inmheánacha?

Thagair an Roinn do sheasamh na Roinne Airgeadais i litir/ríomhphost dar dáta an 4 Samhain 2005 chuig Oifigigh Phearsanra inar tugadh le fios nach raibh sé de cheangal ar Ranna an fhoráil maidir le marcanna bónais as inniúlacht teanga a chur i bhfeidhm in aon chomórtas inmheánach. Dúradh go léiríonn an “*seasamh seo go bhfuil méid áirithe rogha ag Ranna maidir le socruithe le haghaidh comórtais inmheánacha.*”

Feictear don imscrúdú nach bhfuil bunús leis an seasamh seo agus nach bhfuil aon rogha ag Ranna Rialtais ach na marcanna bónais a bhronnadh go cuí faoi réir fhorálacha na gcioclán i gcomórtais inmheánacha.

Dhéileáil Laffoy J. go cuimsitheach leis an ábhar seo agus le feidhm chiorcláin 43/75 agus 30/90 in *De Búrca v. An tAire Iompair agus eile* [2006] No. 63311p (in alt 2.8):-

“I surmise that the source of the controversy in relation to the scope of the current application of para. 5 of the 1975 circular is the 1990 Circular, which expressly linked the acceptance of the agreed recommendation to “the credit to be awarded for proficiency ... in confined promotion competitions” (para. 1). It provided that the revised arrangements would apply prospectively to “all confined promotion competitions”, whether by way of interview or written examination (paras. 4 and 5). It did not mention “departmental promotions”, even though it would appear to have been intended to substitute the new provisions for paragraph 5(3) of the 1975 Circular as it then applied. If it was intended to removed departmental promotions from the ambit of para. 5 of the 1975 Circular, it would have been a simple matter to so provide in the 1990 Circular. In the absence of such a provision, in my view, it is not unreasonable to construe the combined effect of the 1975 Circular and the

1990 Circular as continuing the application of para. 5 (3), as revised, to departmental competitions.”

Ag tagairt di do litir/ríomhphost na Roinne Airgeadais dar dáta an 4 Samhain 2005, dúirt Laffoy J. (in alt 2.9) ina breithiúnas thuasluaite:

“Thirty years after the 1975 Circular came into existence, an issue arose as to the application of bonus marks for proficiency in Irish “in internal promotion competitions”. By way of clarification, an e-mail was issued from the Department of Finance to Personnel Officers across the Civil Service on 4th November, 2005 (the November 2005 e-mail) in which it was stated:

“Following consideration of the relevant Circulars (43/75 and 30/90), it is the interpretation of this Department that these do not have directive effect in requiring bonus marks for Irish to be applied in internal promotion competitions – in contrast to clearly doing so in the case of inter-Departmental competitions.”

Given that paragraph 5 of the 1975 Circular was expressed to be applicable not only to “confined interview competitions” (which, as I understand it, were inter-departmental competitions which were then conducted by the Civil Service Commission for promotion to posts across the Civil Service, but which were confined to existing civil servants), but also to “departmental promotions for grades which have been subject to Irish requirements” (which, as I understand it, were internal departmental competitions for promotion to posts within a particular department), it is difficult to reconcile that statement with the actual wording of the 1975 Circular.”

Níos déanaí (in alt 2.10) sa bhreithiúnas céanna, dúirt sí:

“The silence in the 1990 Circular as to the future application of para. 5 of the 1975 Circular to “departmental promotions” or internal promotions has been commented on in the next preceding paragraph and I have concluded that para. 5(3) continued to apply to such promotions.”

Léirigh Laffoy J. a tuairim ar an ábhar ar bhealach fíorshoiléir in alt 7 den bhreithiúnas sin:

7. Application of Irish Circulars to internal departmental competitions

7.1 The 1975 Circular, as amended by the 1990 Circular, was in force in June and July 2006. The interpretation of the Department of Finance as to the effect of those Circulars, as contained in the November 2005 e-mail, cannot, in my view, be determinative. It may, of course, have been based on information which was not before the court, e.g., the recommendation of the General Council referred to in the 1990 Circular. However, on the basis of the evidence before the Court, I conclude that, as a matter of probability, the interpretation that the Irish Circulars

did not have “directive effect in relation to ‘internal promotion competitions’”, as stated in the November, 2005 e-mail, was incorrect on the basis of the reasoning set out in para. 2 earlier.

7.2 On that basis, I find that the Irish Circulars are applicable to internal departmental competitions for promotion...

Ní ábhar díospóide é go bhfuil na ciorcláin ábhartha eisithe ag an Aire Airgeadais (1990) agus Aire na Seirbhíse Poiblí (1975) de bhun agus de bhua na gcumhachtaí atá tugtha in alt 17 d’Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956. Is ciorcláin reachtúla iad.

Thug an Roinn le fios ón tús gur lean siad treoir na Roinne Airgeadais faoi mar atá leagtha síos i litir/ríomhphost den 4 Samhain 2005 ar an ábhar, is é sin ‘nach bhfuil sé de cheangal ar Ranna an fhoráil le haghaidh marcanna bónais as inniúlacht teanga a chur i bhfeidhm in aon chomórtais inmheánacha.’ Ach má bhí an forléiriú sin de chuid na Roinne Airgeadais míchruinn, mar a chinn Laffoy J. sa chás thuasluaite, bhí an treoir a bhí á leanúint ag an Roinn Coimirce Sóisialaí míchruinn ón tús chomh maith.

Dá bhrí sin, feictear don imscrúdú go raibh dualgas reachtúil ar an Roinn Coimirce Sóisialaí marcanna bónais as inniúlacht i nGaeilge agus i mBéarla araon a bhronnadh ar na hiarratasóirí a bhí cáilithe go cuí sa chomórtas inmheánach um ardú céime atá i gceist anseo. Níor bhain aon discríd leis an gceist.

Ní miste a mheabhrú arís go ndeirtear i bhfo-alt 2(4) de chiorclán 30/90:

Beidh feidhm ag na socruithe thuas maidir le gach comórtas teoranta le haghaidh ardú céime cibé acu ar an modh agallaimh nó scrúduithe scríofa a thionólfar iad. Baineann na socruithe le gach comórtas teoranta le haghaidh ardú céime agus sa chás seo bhí scrúdú scríofa agus agallamh i gceist. Daingníodh i bhFógra Oifige 45/10, dar dáta an 21 Bealtaine 2010 don chomórtas áirithe seo go mbeadh “scrúdú scríofa ag Céim 1, arna reáchtáil ag an SCP thar ceann na Roinne, agus agallamh iomaíoch ag Céim 2 a cuireadh orthu siúd ba chuícháilithe de réir Chéim 1...”

Cén tráth den phróiseas um ardú céime a mbronntar na marcanna bónais?

Ba é seasamh na Roinne, áfach, gur bronnadh na marcanna bónais cibé agus go raibh sin daingnithe san Fhógra Oifige cuí, 45/10. Dúradh ann:

“Agus an t-ord fiúntais deiridh á chinneadh, ní thabharfar creidiúint as inniúlacht sa Ghaeilge, de réir Imlitir 43/75, arna leasú ag imlitir 30/90, ach amháin do na hiarrthóirí sin a ghnóthaíonn áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh iomaíche (Céim 2).”

Dúisíonn seo an cheist an raibh sé de chumhacht agus d’údarás ag an Roinn Coimirce Sóisialaí forléiriú a dhéanamh ar fhorálacha na gclár leis na marcanna a theorannú go dtí an tráth a mbeadh “an t-ord fiúntais deiridh á chinneadh” agus gan iad a bhronnadh ach orthu siúd amháin “a ghnóthaíonn áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh iomaíche (Céim 2).” An féidir leis an Roinn sin a dhéanamh beag beann ar fhocláocht na

gcioclán féin? An mbeadh sé *ultra vires* na marcanna a theorannú do dhaoine áirithe seachas dóibh siúd a léirigh an inniúlacht chuí sa dá theanga?

Ag tagairt d'alt 17 d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 rinne Costello J. in *Gilheaney v. the Revenue Commissioners* [Neamhthuairiscithe, an Ard-Chúirt, 4 Deireadh Fómhair 1995] scagadh ar cheist na gcumhachtaí agus na gceart agus dúirt:-

“It seems to me that when a statute confers a power on a minister to grant a benefit to some person and that power is exercised it also confers a corresponding right on that person to receive the benefit. This means that there is a statutory right which the courts will enforce to the benefits contained in the terms and conditions of appointment of a civil servant (including, for example, those relating to remuneration) as well as to those benefits arising from the terms and conditions relating to promotion contained in administrative acts, until such time as the right is cancelled or varied by the valid exercise of a power in that behalf contained in section 17.”

Feictear don imscrúdú nach bhfuil aon amhras ann ach nach féidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí forálacha i gciocláin atá eisithe de bhun agus de bhua na gcumhachtaí a bhronntar faoi alt 17 d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse ar Aire ar leith agus a dhaingíonn cearta do dhaoine ar leith, a leasú ná a athrú ar a conclán féin le fógra oifige. Bheadh a leithéid de chleachtais *ultra vires*.

Bhí tagairt déanta ag Laffoy J. sa bhreithiúnas thuasluaite (in alt 2.1) d'fheidhm reachtúil an Aire Airgeadais chun rialacháin nó treoir a thabhairt ar an ábhar seo:-

“*Regulation and control of the Civil Service is still governed by s.17 of the Civil Service Regulation Act 1956, which provides, in subs. (1), that the Minister for Finance shall be responsible for, inter alia,*

(c) the fixing of-

(i) the terms and conditions of service of civil servants,

and

(ii) the conditions governing the promotion of civil servants.

Sub-section (2) of s.17 provides that the Minister may, for the purposes of subs. (1), make such arrangements as he thinks fit and may cancel or vary those arrangements.”

Feictear don imscrúdú seo gurbh é an t-aon fhorléiriú cruinn ab fhéidir a dhéanamh ar na fo-ailt seo gur ag an Aire Airgeadais agus aigesean amháin atá an chumhacht reachtúil na socruithe a chealú nó a athrú. Is léir nach bhfuil aon athrú déanta ag an Aire Airgeadais ar na forálacha áirithe seo ó chiorclán 30/90, agus go mbeadh aon athrú a chuirfeadh Roinn Stáit aisti féin ar fhorálacha na gcioclán *ultra vires*.

Forléiriú míchruinn?

An cheist eile atá le réiteach de thoradh an imscrúdaithe seo ná an raibh bronnadh coinníollach na marcanna bónais mar a leagadh amach san Fhógra Oifige ag teacht leis na forálacha reachtúla .i. an forléiriú dílis a bhí ansin ar a raibh daingnithe i gcioclán reachtúla 43/75 agus 30/90?

An raibh, mar sin, an léirmhíniú a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le feidhmiú fhorálacha na gcioclán cruinn agus ceart? Ar féidir an bhrí a bhaint as forálacha na gcioclán gur cheart na marcanna bónais a theorannú go dtí an tráth a mbeadh *“an t-ord fiúntais deiridh á chinneadh”* agus gan iad a bhronnadh ach orthu siúd amháin *“a ghnóthaíonn áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh iomaíche (Céim 2)”* ? Nó an raibh na marcanna bónais dlite ón tús do gach duine a raibh na cáilíochtaí cuí teanga acu?

Ní deirtear aon áit i gcioclán 43/75 arna leasú ag ciorclán 30/90 gur ag an tráth a mbeadh *“an t-ord fiúntais deiridh á chinneadh”* amháin a bhronnfar na marcanna bónais i gcomórtais ardaithe céime. Ná ní luaitear i bhfoclaíocht na gcioclán gur dóibh siúd amháin a ghnóthódh áit ar phainéal le haghaidh ardú céime is ceart na marcanna bónais a bhronnadh.

Go deimhin, níl teorannú de chineál ar bith curtha ar bhronnadh na marcanna bónais i gcás comórtais um ardú céime ar chuntar go bhfuil an duine cáilithe go cuí ó thaobh na dteangacha de.

Treoraíonn fo-alt 1(d) de chiorclán 43/75 go soiléir agus gan choinníoll go mbeadh eolas *“ar an nGaeilge, áfach, ar cheann de na nithe a thabharfar faoi mheas nuair a bheidh oifigigh á roghnú le haghaidh ardú céime.”*

Cuireadh a gcuid eolais ar an nGaeilge san áireamh i gcás triúir as seachtar de na hoifigigh a bhí san iomaíocht lena roghnú le haghaidh ardú céime de thoradh an chomórtais seo. Ach níor cuireadh a gcuid eolais ar an nGaeilge san áireamh ar chor ar bith i gcás an cheathrair eile, an gearánach féin san áireamh.

Is sárú é sin ar an dualgas a daingníodh sna ciorcláin a eisíodh de bhun agus de bhua na gcumhachtaí a thugtar in alt 17 d’Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956.

Agus is sárú ar chearta é nuair a shéantar ar dhuine buntáiste a bhí dlite go reachtúil dó nó di. Go hachomair, d’úsáid an tAire cuí cumhachtaí a bhí tugtha le dlí dó le buntáiste a cheadú do dhaoine faoi choinníollacha áirithe agus chiallaigh sin go raibh teidlíocht ag na daoine sin don bhuntáiste sin gan coinníollacha breise ná constaicí a bheith curtha ina mbealach. Mar a chinn Costello J. in *Gilheaney v. the Revenue Commissioners* *“when a statute confers a power on a minister to grant a benefit to some person and that power is exercised it also confers a corresponding right on that person to receive the benefit.”*

Treoraíonn fo-alt 5(1) de chiorclán 43/75 go soiléir cé go díreach atá i dteideal na marcanna bónais. Deirtear ansin:-

“Faoi réir (4), tabharfar creidiúint as inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla dóibh siúd (i) go bhfuil pas faighte acu i dtrial Ghaeilge iomchuí faoi Choimisinéirí na Státseirbhíse, nó a bhfuil freastal cuí déanta acu ar Ghaeagrás na Seirbhíse Poiblí agus (ii) a nglactar leo, de thairbhe an chórais trína roghnaítear oifigigh le haghaidh ardú céime, mar dhaoine a bhfuil inniúlacht acu sa Bhéarla.”

Mar mhalairt ar chóras na Gaeilge éigeantaí do phoist sa státseirbhís a tugadh an córas seo i bhfeidhm. Ní léir go mbeadh aon chiall leis an gcóras nua sin mura mbronnfaí na marcanna orthu siúd a bhí cáilithe go cuí ó thaobh inniúlacht teanga de. Cuireadh coinníollacha agus constaicí breise i bhfeidhm, áfach, sa chás seo agus níor bronnadh na marcanna bónais ach ag tráth a raibh an t-ord fiúntais deiridh á chinneadh, agus orthu siúd amháin a ghnóthaigh áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh.

Rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí an argóint go ndeirtear i gclár 43/75 1(b):

“iadsan a léiríonn go bhfuil inniúlacht acu sa dá theanga (Gaeilge agus Béarla), gheobhaidh siad creidiúint as sin agus an t-ord fiúntas á chinneadh.”

Chonacthas don imscrúdú go raibh an argóint sin bunaithe ar fhorléiriú mhíchruinn nó míléamh ar an gclár. Is léir go mbaineann mír 1(b) den chiorclán a bhfuil tagairt déanta ag an Roinn dó thuas le hearcaíocht (ceapacháin chuig aon phost sa Státseirbhís) agus leis na comórtas teoranta chun foireann shealadach agus neamhbhunaithe a bhuanú, agus leo sin amháin.

Níl aon tagairt ar chor ar bith don ‘ord fiúntais’ i bhfo-alt 5(1) den chiorclán, a bhaineann le socrúithe i leith arduithe céime – an fhoráil ábhartha sa chás seo.

Níor thagair an Roinn Coimirce Sóisialaí d’aon fhoclaíocht ar leith i bhforálacha na gclár cuí a cheadaigh na marcanna bónais a theorannú dóibh siúd a ghnóthódh áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh. Níor léir don imscrúdú gurbh ann d’fhoclaíocht a cheadódh an teorannú sin ach an oiread ar dheonú na marcanna bónais.

An SCP agus eile

Ní leor don Roinn Coimirce Sóisialaí mar chosaint é go raibh siad ag cloí leis an leagan amach a moladh sa Mhaingín Earcaíochta agus Roghnóireachta a d’fhoilsigh an tSeirbhís um Cheapacháin Poiblí (SCP) nó ag brath ar an iniúchadh a rinne an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) ar chomórtas inmheánach Ardoifigeach Feidhmiúcháin 2007/2008 na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Má bhí a bhforléiriú ar an reachtaíocht lochtach, bhí an treoir agus an t-iniúchadh lochtach chomh maith.

Is é mo chinneadh de thoradh an imscrúdaithe seo nach bhfuil amhras ar bith ann ach nár cloíodh go cuí leis an bhforléiriú ceart ar fhorálacha na gclár nuair nár tugadh marcanna bónais don ghearánach sa chás seo. Rinneadh maolú ar an mbuntáiste a bhí dlite don ghearánach agus do dhaoine eile a raibh inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon acu tríd an bhforléiriú teoranta a rinne an Roinn ar fheidhmiú praiticiúil fhorálacha chiorcláin 43/75 agus 30/90.

Níorbh fhéidir a rá go raibh a chuid eolais ar an nGaeilge “ar cheann de na nithe” a tugadh “faoi mheas nuair a bheidh oifigigh á roghnú le haghaidh ardú céime” i gcás an oifigigh áirithe a rinne an gearán liom sa chás seo. Níor cloíodh leis an riachtanas reachtúil sin nuair nár tugadh na marcanna bónais go dtí go raibh “an t-ord fiúntais deiridh á chinneadh” agus nuair a teorannaíodh iad ansin dóibh siúd amháin “a ghnóthaigh áit ar an bpainéal tar éis na n-agallaimh”. Séanadh a chearta ar an ngearánach nuair nár ceadáíodh na marcanna bónais dó.

CAIBIDIL 4

Fionnachtana agus Moltaí

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Combhionannais agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí liom ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Fionnachtana an Imscrúdaithe

Is iad seo a leanas fionnachtana an imscrúdaithe:

- Níor chomhlíon an Roinn Coimirce Sóisialaí go cuí na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhforálacha de chuid chiorcláin 43/75 agus 30/90 de chuid na Roinne Airgeadais a eisíodh de bhun agus de bhua alt 17 d’Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956 i dtaca le marcanna bónais a thabhairt d’inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gcomórtas um ardú céime a fógraíodh i bhfógra Oifige 45/10 i gcás gearánach ainmnithe.

Moltaí an Imscrúdaithe

Ag féachaint don imscrúdú, is iad seo a leanas na moltaí atá á ndéanamh agam mar Choimisinéir Teanga:

- (1) Go ndéanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí athmharcáil ar thorthaí an chomórtais um ardú céime a tionóladh de thoradh Fhógra Oifige 45/10 de chuid na Roinne sin le cinntiú go mbronnfar an marc bónais 6% as inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ar an ngearánach sa chás seo agus go bhfaighidh sé aon bhuntáiste a eascraíonn as an athmharcáil sin.
- (2) Go gcuirfidh an Roinn Coimirce Sóisialaí gach oifigeach a bhí san iomaíocht don chomórtas áirithe seo um ardú céime ar an eolas faoi fhionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe seo.
- (3) Go bhfiosróidh an Roinn Coimirce Sóisialaí an bhfuil marcanna bónais dlite d’oifigh eile a bhí san iomaíocht sa chomórtas seo um ardú céime de thoradh fhionnachtana an imscrúdaithe seo.
- (4) Go gcinnteoidh an Roinn Coimirce Sóisialaí go gcuirfear forálacha reachtúla teanga na gclárán cuí i bhfeidhm go hiomlán feasta i ngach comórtas um ardú céime dá cuid agus nach mbeidh deonú na marcanna bónais ag brath ar aon choinníollacha breise. Go sonrach, níor cheart feasta go mbeadh deonú na marcanna bónais á theorannú go dtí an tráth a mbeadh “*an t-ord fíúntais deiridh á chinneadh*” ná go mbronnfaí na marcanna bónais orthu siúd amháin “*a ghnóthaíonn áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh*”.
- (5) Go gcuirfidh an Roinn Coimirce Sóisialaí an tAire atá freagrach as socrú téarmaí agus coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach faoi réir alt 17 d’Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ar an eolas faoi fhionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe seo.

CAIBIDIL 5

Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin IR 14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Fo-alt 28(1)

Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.

Fo-alt 28(2)

Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.

Fo-alt 28(3)(a)

I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.

Fo-alt 28(3)(b)

Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.

Fo-alt 28(4)

Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrófann ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.

CAIBIDIL 6

Tuairimí á Lorg

Faoi fho-alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar an Roinn Coimirce Sóisialaí, más mian léi sin a dhéanamh, aon tuairimí a bheadh aici maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faighte ag an Roinn.

Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga

Dáta: _____

Appendix B

Tuarascáil faoi alt 26 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar

Imscrúdú faoi fho-alt 21(f) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

An Roinn Coimirce Sóisialaí

IM-012E

Ábhar an Imscrúdaithe

Ar comhlíonadh go cuí na dualgais teanga atá daingnithe i bhforálacha de chuid chiorcláin 43/75 agus 30/90 de chuid na Roinne Airgeadais atá eisithe de bhun agus de bhua alt 17 d’Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956 i dtaca le marcanna bónais a thabhairt d’inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gcomórtas le haghaidh ardú céime a fógraíodh i bhFógra Oifige 65/10 i gcás gearánach ainmnithe?

CLÁR

CAIBIDIL 1 – Cúlra agus Seoladh an Imscrúdaithe	Lch 3
CAIBIDIL 2 – Freagraí na Roinne Coimirce Sóisialaí	Lch 6
CAIBIDIL 3 – Osradharc ar an Imscrúdú	Lch 9
CAIBIDIL 4 – Fionnachtana agus Moltaí	Lch 12
CAIBIDIL 5 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt	Lch 14
CAIBIDIL 6 – Tuairimí á Lorg	Lch 15
AGUISÍN A	
AGUISÍN B	
AGUISÍN C	
AGUISÍN D	

CAIBIDIL 1

Cúlra agus Seoladh an Imscrúdaithe

Rinne [Státseirbhíseach 2], státseirbhíseach ar ball foirne de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí í, gearán foirmiúil liom le déanaí i dtaca le cur i bhfeidhm marcanna bónais d'inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla le linn comórtas inmheánaigh le haghaidh ardú céime de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a fógraíodh i bhFógra Oifige 65/10.

Cé gur chreid an gearánach go raibh sí i dteideal na marcanna bónais mar atá leagtha amach sna ciorclán cuí, 43/75 agus 30/90, atá eisithe de bhun agus de bhua alt 17 d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956, níor bhronn an Roinn na marcanna sin uirthi. Is cosuil nár éirigh le [Státseirbhíseach 2] a dóthain marcanna a fáil ag réamhagallamh chun cur ar a cumas dul chun cinn chuig agallamh iomaíoch deiridh. Is ag tráth an agallamh deiridh amháin a bheartaigh an Roinn na marcanna bónais d'inniúlacht teanga a chéadú agus ord deiridh an phainéil á shocrú.

D'fhág sé seo, dar leis an ngearánach, nach bhfuair sí aon aitheantas as a cumas i dhá theanga oifigiúla an Stáit agus gur séanadh a cearta teanga uirthi.

Is mar seo a leanas atá na míreanna cuí de na ciorcláin:

Ciorclán 43/75

1(d) Ní bheidh Gaeilge éigeantach mar a bhí go dtí seo chun go mbeadh oifigeach intofa i gcomhair ardú céime ach amháin sa chás ina bhfuil an Ghaeilge riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh. Beidh eolas ar an nGaeilge, áfach, ar cheann de na nithe a thabharfar faoi mheas nuair a bheidh oifigigh á roghnú le haghaidh ardú céime. Beidh fáil ar thrialacha ardú céime foirmiúla Choimisiún na Státseirbhíse, mar a bhí go dtí seo, chun deis a thabhairt d'oifigigh a n-eolas ar an nGaeilge a chur faoi bhreithmheas. Leathnófar na cúrsaí atá á reáchtáil ag Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí. Tugann na cúrsaí sin deis d'oifigigh eolas a chur ar an nGaeilge nó a gcuid eolais uirthi a fheabhsú. Glacfar leis gurb ionann na cúrsaí sin a chríochnú go sásúil agus pas a fháil ó Choimisiún na Státseirbhíse sna trialacha ardú céime.

Ciorclán 30/90

2. Déanann an córas creidiúna leasaithe soláthar mar leanas:

(a) beidh an córas chun creidiúint a bhronnadh as inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla sna comórtais scríofa le haghaidh ardú céime ar aon dul leis an gcóras atá ann le haghaidh na gcomórtais agallamh;

(b) laghdófar an bónas is féidir a fháil as inniúlacht;

(c) faoi réir socruithe eatramhacha a dhéanfar (a bhfuil tagairt dóibh thíos) ní mór do iarrthóir trialacha a dhéanamh ó am go ham chun bheith i dteideal creidiúint a fháil as inniúlacht ar bhun leanúnach.

3. Le go mbeidh éifeacht leis an méid thuas ba chóir na socruithe seo a leanas a chur in ionad na socruithe a ndéantar foráil dóibh i mír 5(3) (comórtais agallaimh) agus 6 (comórtais scríofa) de Chiorclán 43/75:

(i) ní thabharfar creidiúint ar bith mura léireofar inniúlacht ar an modh a ndéantar foráil dó i mír 5(2) de Chiorclán 43/75 laistigh de 10 mbliana ón dáta deireanach le haghaidh iarratas don chomórtas (ach féach (iv) thíos);

(ii) tabharfar creidiúint gur ionann agus 6% de na marcanna atá ar fáil don chomórtas má léirítear inniúlacht ar an modh a ndéantar foráil dó i mír 5(2) de Chiorclán 43/75 laistigh de 5 bliana ón dáta deireanach le haghaidh iarratas don chomórtas;

(iii) tabharfar creidiúint gur ionann agus 3% de na marcanna atá ar fáil don chomórtas má léirítear inniúlacht ar an modh a ndéantar foráil dó i mír 5(2) de Chiorclán 43/75 i dtréimhse atá níos mó ná 5 bliana ach níos lú ná 10 mbliana roimh an dáta deireanach le haghaidh iarratas don chomórtas;

(iv) mar shocrú eatramhach, oifigigh a meastar, ar dháta eisiúna an Chiorcláin seo, iad a bheith inniúil faoi théarmaí mhír 5(2) de Chiorclán 43/75 coimeádfaidh siad a dteideal chun éileamh a dhéanamh ar chreidiúint 6% de na marcanna atá ar fáil don chomórtas ar feadh cibé fad a fhanfaidh siad sa ghrád ina bhfuil siad ag fónamh ar dháta eisiúna an Chiorcláin seo.

4. Beidh feidhm ag na socruithe thuas maidir le gach comórtas teoranta le haghaidh ardú céime cibé acu ar an modh agallaimh nó scrúduithe scríofa a thionólfar iad.

5. Na socruithe athbhreithnithe a ndéantar foráil dóibh sa Chiorclán seo beidh feidhm leo maidir le comórtais a fhógrófar tar éis dáta eisiúna an Chiorcláin seo.

Is léir gur forálacha d'achtacháin a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge iad seo, atá eisithe de bhun agus de bhua alt 17 d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956. Tá na ciorcláin ina n-iomláine le fáil mar **AGUISÍN A** agus **AGUISÍN B** a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Dhearbhaigh an gearánach sa chás seo go raibh sí, ina tuairim féin, i dteideal an mharc breise – 6% – as ucht inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de thoradh trialacha Ghaeleagrais na Seirbhíse Poiblí ón uair gur éirigh léi sa scrúdú scríofa agus sa scrúdú béil ar 24 Márta 2009. Bheadh a ceart ar mharcanna bónais 6% i bhfeidhm mar sin go dtí 2014 de réir fhorálacha na gclár.

Mar chéad chéim, tharraing m'Oifig an cás seo anuas ar bhonn neamhfhoirmiúil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ach níor éirigh leis na hiarrachtaí sin teacht ar réiteach.

Ó tharla nár éirigh leis na hiarrachtaí a rinneadh teacht ar réiteach, chinn mé nach raibh de rogha agam ach imscrúdú foirmiúil a sheoladh de bhun agus de bhua na ndualgas atá orm agus na gcumhachtaí atá bronnta orm faoi fho-alt 21(f) Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, mar atá

“imscrúdú a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, chun a fháil amach an amhlaidh nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d’aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúla á comhlíonadh.”

Sheol mé an t-imscrúdú seo ar an 20 Bealtaine 2011 de réir an nós imeachta atá leagtha amach chuige seo in Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Theastaigh uaim de thoradh an imscrúdaithe teacht ar chinneadh an raibh nó nach raibh dualgas reachtúil teanga á shárú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí sa mhéid a líomhnaíodh sa chás seo. Leagtar amach go reachtúil in ailt 23-29 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla an córas le himscrúduithe a sheoladh.

Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig an Aire Coimirce Sóisialaí ag lorg eolas ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith chomh maith le haon fhaisnéis, taifid nó rud den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D’iarr mé go gcuirfí an t-eolas cuí sin ar fáil faoin 13 Meitheamh 2011 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riaradh an imscrúdaithe trí theagmháil le m’Oifig.

I litir dar dáta an 9 Meitheamh 2011, sheol an Roinn Coimirce Sóisialaí cuntas i scríbhinn chugam mar fhreagra ar na ceisteanna a bhí tarraingthe anuas san imscrúdú seo. Tá an comhfhreagras sin le fáil mar **AGUISÍN C** a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Tugadh aird chuí ar an méid a bhí le rá ag an Roinn le linn an imscrúdaithe agus in ullmhú na tuarascála seo.

CAIBIDIL 2

Freagra na Roinne Coimirce Sóisialaí

I litir dar dáta 9 Meitheamh 2011, thug an Roinn Coimirce Sóisialaí léargas cuimsitheach don imscrúdú ar sheasamh na Roinne sin i leith an ábhair. Tá an tuairisc sin le fáil mar **AGUISÍN C**, i dteannta na gclárán ábhartha (43/75 mar **AGUISÍN A** agus 30/90 mar **AGUISÍN B**), a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Dhearbhaigh an Roinn gurb é a seasamh nár sháraigh sí na dualgais reachtúla teanga maidir le creidiúint as inniúlacht teanga. Is mar seo a leanas a rinne an Roinn cur síos ar an mbealach inar cuireadh forálacha na gclárán i bhfeidhm:

*“I gcomórtais idir-rannacha, arna bhfógairt ag an Roinn Airgeadais agus arna reáchtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) nó ag a réamhtheachtaí, Coimisiún na Státseirbhíse, rialaítear creidiúint as inniúlacht teanga in imlitreacha 43/75 agus 30/90 ón Roinn Airgeadais. Deirtear in Imlitir 43/75 1 (b) ‘iadsan a léiríonn go bhfuil inniúlacht acu sa dá theanga (Gaeilge agus Béarla), gheobhaidh siad creidiúint as sin **agus an t-ord fiúntais á chinneadh.**’ Leagann Imlitir 30/90 amach an córas creidiúintí leasaithe, ag éirí as moladh aontaithe de chuid na hArd-Chomhairle.*

Níl aon riachtanas ann faoina gcaithfidh Ranna an fhoráil le haghaidh marcanna bónais as inniúlacht teanga a chur i bhfeidhm i gcomórtais inmheánacha, agus ní gach Roinn a chuireann i bhfeidhm í. I gcásanna ina gcuirtear an fhoráil i bhfeidhm i gcomórtais inmheánacha, rialaítear í sa tslí chéanna agus a rialaítear í i gcomórtais idir-rannacha. Is é seasamh na Roinne Airgeadais, ina litir den 4 Samhain 2005 chuig Oifig Phearsanra, nach bhfuil sé de cheangal ar Ranna an fhoráil le haghaidh marcanna bónais as inniúlacht teanga a chur i bhfeidhm in aon chomórtais inmheánacha. Léiríonn an seasamh seo go bhfuil méid áirithe rogha ag Ranna maidir le socrúithe le haghaidh comórtas inmheánacha, ag cur san áireamh nithe mar chomhaontuithe le taobhanna aonair foirne ag Comhairlí Rannacha agus nós agus gnáthamh i Ranna ar leith. Sa bhliain 2005 fuair an Roinn Airgeadais gur bhronn tuairim is leath na Ranna, lena n-áirítear an Roinn Coimirce Sóisialaí, creidiúint as inniúlacht teanga i gcomórtais inmheánacha.

Tharraing an Coimisinéir Teanga an cheist seo anuas ina dhiaidh sin ina Thuarascáil Bhliantúil den bhliain 2005, agus d’athbhreithnigh an Roinn Airgeadais an cás, ach níor athraíodh an beartas a bhfuil cuntas tugtha air thuas.

I gcás comórtas inmheánach arna n-eagrú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, is é an nós le fada an lá creidiúint a bhronnadh as inniúlacht teanga ar aon dul le forálacha na n-implitreacha, ach i gcás líon beag sainchomórtas, m.sh. poist TF nó poist ina n-íoctar liúntas speisialtóra.

Eisítear Fógra Oifige i gcás gach comórtais a reáchtáiltear laistigh den Roinn, agus scaiptear é ar an bhfoireann ar fad. San Fhógra sin leagtar amach forálacha nó téarmaí agus coinníollacha an chomórtais, lena n-áirítear na

riachtanais cháiliúcháin, agus an próiseas roghnúcháin, iarratais agus ceapacháin. I bhformhór mór na gcomórtas mar a mbronntar creidiúint as inniúlacht teanga, beidh sé sin ráite san fhógra. Le blianta beaga anuas, ó d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) Cód Cleachtais, Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, réachtáladh gach ceann de chomórtas inmheánacha na Roinne de réir an Chóid sin, agus deirtear é sin chomh maith san fhógra oifige. Bunaíodh an CCSP sa bhliain 2004 faoi théarmaí Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus is é príomhrialaitheoir na bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin laistigh den tseirbhís phoiblí é.”

Ag cur síos di ar an méid a tharla i gcás an chomórtas ar leith [65/10] is ábhar don imscrúdú seo, dúirt an Roinn:

“Bhí an comórtas do Leas-Phríomhoifigeach atá i gceist san imscrúdú seo mar ábhar le Fógra Oifige 65/10, den 26 Iúil 2010. Seo a leanas an próiseas roghnúcháin a bhí leagtha amach ann –

“Gheobhaidh iarrthóirí áit ar an bpainéal mar thoradh ar réamhagallamh iomaíoch as a dtiomsófar gearrliosta. As sin leanfaidh agallamh deiridh agus cuirfeadh creidiúint as inniúlacht sa Ghaeilge san áireamh mar a shonraítear thíos.” (Alt 7.1)

“Iarrfar ar gach iarrthóir cáilithe dul faoi réamhagallamh. Braithfidh líon na mbord réamhagallaimh ar líon na n-iarratas a gheofar. Rachaidh na daoine sin is dóigh leis na boird réamhagallaimh is cuícháilithe ar aghaidh go dtí an t-agallamh iomaíoch deiridh. A mhéid is indéanta, tiocfaidh líon comhionann iarrthóirí os comhair gach boird réamhagallaimh, agus tá sé ceaptha go rachaidh líon comhionann iarrthóirí ó gach bord réamhagallaimh ar aghaidh go dtí an t-agallamh deiridh.” (Alt 7.3)

“Tar éis na n-agallamh deiridh, tiomsófar in ord fiúntais painéal de na hiarrthóirí a mheastar is cuícháilithe le hardú céime a fháil go dtí grád an Phríomhoifigigh Chúnta. Agus ord deiridh an phainéil á chinneadh, tabharfar creidiúint as inniúlacht sa Ghaeilge de réir Imlitir 43/75, arna leasú ag Imlitir 30/90, agus de réir aon treoir ábhartha eile d'iarrthóirí a cháileoidh don chreidiúint sin. “ (Alt 7.5)

Bunaíodh ceithre bhord agallaimh chun na réamhagallaimh a sheoladh agus iarradh ar líon comhionann iarrthóirí ó gach réamhbhord, is é sin, 24%, dul faoin agallamh deiridh. Chuir Bord 1 agallamh ar [Státseirbhíseach 2] agus chuir an Bord céanna agallamh ar 67 iarrthóir san iomlán. Díobh sin, chuaigh 16 iarrthóir ar aghaidh go dtí an babhta deireanach. Ní raibh [Státseirbhíseach 2] i measc na n-iarrthóirí sin ar éirigh leo an t-agallamh deiridh a bhaint amach.

De réir théarmaí an chomórtas, bronnadh creidiúint as inniúlacht sa Ghaeilge nuair a bhí painéal na n-iarrthóirí ba chuícháilithe le hardú céime a fháil go post an

Phríomhoifigigh Chúnta á chinneadh, tar éis chéim an agallaimh dheiridh. Cuireadh san áireamh ag an gcéim sin aon iarrthóirí a bhí i dteideal marcanna bónais a fháil as inniúlacht sa Ghaeilge agus ba é sin a chinn ord fiúntais deireanach an phainéil.

Tá an Roinn lánsásta gur cuireadh na forálacha maidir le creidiúint le haghaidh inniúlacht teanga i bhfeidhm I gceart agus mar ba chóir. Is ionann modh feidhmithe na Roinne agus an modh atá ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, ar feidhm di comhairle a sholáthar don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí ar an gcleachtas is fearr maidir le hearcaíocht, measúnú agus roghnú, i measc nithe eile.

Tá an Roinn sásta gur ghéill seoladh an chomórtais seo sa mhéid sin le:

- *Imlitir 43/75 de chuid na Roinne Airgeadais, arna leasú ag Imlitir 30/90;*
- *Gnás na Státseirbhíse maidir le comórtais um ardú céime;*
- *Cód Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí: Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.”*

Thug an Roinn le fios freisin go raibh ceisteanna a tarraingíodh anuas roimhe seo i dTuarascáil (Tag. IM-012D) den 21 Márta 2011 maidir le feidhmiú na creidiúna le haghaidh inniúlacht sa Ghaeilge, curtha ar aghaidh aici chuig an Roinn Airgeadais.

CAIBIDIL 3

Osradharc ar an Imscrúdú

Tá macalla san imscrúdú seo ar Imscrúdú IM-012D de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a heisíodh chuig páirtithe leasmhara ar 21 Márta 2011.

Déileálar sna imscrúdú sin le cuid de na buncheisteanna atá tagtha chun cinn sa chás seo freisin. Tá cóip de **CAIBIDIL 3 – Osradharc ar an Imscrúdú** ón dtuarascáil sin [IM-021D] le fáil mar **AGUISÍN D** leis an tuarascáil seo. Níl sé riachtanach mar sin dul tríd na hargóintí dlíthiúla arís ina gceann agus ina gceann agus seasaim leis an léirmhíniú agus leis an bhfionnachtain atá déanta san imscrúdú sin.

Go hachomair – mar a fuarthas in imscrúdú [IM-021D]:

- Tá riachtanas reachtúil ann faoina gcaithfidh Ranna Rialtais (An Roinn Coimirce Sóisialaí san áireamh) an fhoráil le haghaidh marcanna bónais as inniúlacht teanga i gclárcláin 43/75 agus 30/90 a chur i bhfeidhm i gcomórtais inmheánacha. Féach caint Laffoy J. agus í ag déileáil go cuimsitheach leis an ábhar seo agus le feidhm chiorcláin 43/75 agus 30/90 in *De Búrca v. An tAire Iompair agus eile* [2006]. Sa bhreis ar an mbreithiúnas Ard-Chúirte sin, tá an riachtanas dearbhaithe athuair in Imscrúdú IM-021D féin.
- Bheadh sé *ultra vires* ag an Roinn Coimirce Sóisialaí forálacha i gclárcláin atá eisithe de bhun agus de bhua na gcumhachtaí a bhronntar faoi alt 17 d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse ar Aire ar leith agus a dhaingníonn cearta do dhaoine ar leith, a leasú ná a athrú ar a conlán féin le fógra oifige.
- Ní cheadaíonn na ciorcláin chúí na marcanna bónais a theorannú dóibh siúd a ghnóthódh áit ar an bpainéal tar éis agallaimh agus ní ag an tráth a bhfuil 'ord fiúntais' deiridh na n-iarratasóirí á shocrú is ceart na marcanna bónais a bhronnadh.
- Treoraíonn fo-alt 1(d) de chiorclán 43/75 go soiléir agus gan choinníoll go mbeadh eolas “*ar an nGaeilge, áfach, ar cheann de na nithe a thabharfar faoi mheas nuair a bheidh oifigigh á roghnú le haghaidh ardú céime*” agus sa chás nach ndéantar sin tá cearta an duine sin á sárú.

Sa bhreis ar sin ní leor mar chosaint go raibh gnás na státseirbhíse maidir le comórtais um ardú céime nó Cód Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí á leanúint más léir go raibh an gnás agus na nósanna sin ag teacht salach ar fhorálacha reachtúla.

Difríochtaí idir an tImscrúdú seo agus IM-021D

Bhí difríocht amháin idir an cás seo agus an cás a bhí faoi imscrúdú in IM-021D.

In IM-021D bhí scrúdú scríofa i gceist mar chéad chéim agus ansin agallamh iomaíoch ag Céim 2.

Sa chás seo bhí réamhagallamh iomaíoch i gceist i dtús aimsire agus agallamh deiridh agus níor cuireadh creidiúint as inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon san áireamh ach tar éis na n-agallamh deiridh nuair a bhí ord fiúntais deiridh an phainéil á chinneadh.

Ní chuireann an leagan amach difriúil sin aon athrú le firinne ar an gcás mar go ndeirtear go soiléir i bhfo-alt 2(4) de chiorclán 30/90:

“Beidh feidhm ag na socruithe thuas maidir le gach comórtas teoranta le haghaidh ardú céime cibé acu ar an modh agallaimh nó scrúduithe scríofa a thionólfar iad.”

Feictear don imscrúdú go raibh dualgas reachtúil ar an Roinn Coimirce Sóisialaí marcanna bónais as inniúlacht i nGaeilge agus i mBéarla araon a bhronnadh ar na hiarratasóirí a bhí cáilithe go cuí sa chomórtas inmheánach um ardú céime atá i gceist anseo, an gearánach sa chás seo san áireamh. Níor bhain aon discríd leis an gceist.

Níor cuireadh a cuid eolais ar an nGaeilge san áireamh i gcás an ghearánaigh a bhí san iomaíocht lena roghnú le haghaidh ardú céime de thoradh an chomórtais seo. Is sárú é sin ar an dualgas a daingníodh sna ciorcláin a eisíodh de bhun agus de bhua na gcumhachtaí a thugtar in alt 17 d’Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956.

Agus is sárú ar chearta é nuair a shéantar ar dhuine buntáiste a bhí dlite go reachtúil dó nó di.

Mar a fuarthas in IM-021D, d’úsáid an tAire cuí cumhachtaí a bhí tugtha le dlí dó le buntáiste a cheadú do dhaoine faoi choinníollacha áirithe agus chiallaigh sin go raibh teidlíocht ag na daoine sin don bhuntáiste sin gan coinníollacha breise ná constaicí a bheith curtha ina mbealach. Mar a chinn Costello J. in *Gilheaney v. the Revenue Commissioners* “when a statute confers a power on a minister to grant a benefit to some person and that power is exercised it also confers a corresponding right on that person to receive the benefit.”

Cuireadh coinníollacha agus constaicí breise i bhfeidhm, áfach, sa chás seo agus níor bronnadh na marcanna bónais ach ag tráth a raibh an t-ord fiúntais deiridh á chinneadh, agus orthu siúd amháin a ghnóthaigh áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh. Is é mo chinneadh de thoradh an imscrúdaithe seo nach bhfuil amhras ar bith ann ach nár cloíodh go cuí leis an bhforléiriú ceart ar fhorálacha na gclárán nuair nár tugadh marcanna bónais don ghearánach sa chás seo. Rinneadh maolú ar an mbuntáiste a bhí dlite don ghearánach a raibh inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon aici tríd an

bhforléiriú teoranta a rinne an Roinn ar fheidhmiú praiticiúil fhorálacha chiorcláin 43/75 agus 30/90.

Níorbh fhéidir a rá go raibh a cuid eolais ar an nGaeilge “*ar cheann de na nithe*” a tugadh “*faoi mheas nuair a bheidh oifigigh á roghnú le haghaidh ardú céime*” i gcás an oifigigh áirithe a rinne an gearán liom sa chás seo.

Níor cloíodh leis an riachtanas reachtúil sin nuair nár tugadh na marcanna bónais go dtí go raibh “an t-ord fiúntais deiridh á chinneadh” agus nuair a teorannaíodh iad ansin dóibh siúd amháin “a ghnóthaigh áit ar an bpainéal tar éis na n-agallaimh”. Séanadh a cearta ar an ngearánach nuair nár ceadaíodh na marcanna bónais dí.

CAIBIDIL 4

Fionnachtana agus Moltaí

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí liom ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Fionnachtana an Imscrúdaithe

Is iad seo a leanas fionnachtana an imscrúdaithe:

- Níor chomhlíon an Roinn Coimirce Sóisialaí go cuí na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhforálacha de chuid chiorcláin 43/75 agus 30/90 de chuid na Roinne Airgeadais a eisíodh de bhun agus de bhua alt 17 d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956 i dtaca le marcanna bónais a thabhairt d'inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gcomórtas um ardú céime a fógraíodh i bhfógra Oifige 65/10 i gcás gearánach ainmnithe.

Moltaí an Imscrúdaithe

Ag féachaint don imscrúdú, is iad seo a leanas na moltaí atá á ndéanamh agam mar Choimisinéir Teanga:

- (1) Go ndéanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí athmharcáil ar thorthaí an chomórtais um ardú céime a tionóladh de thoradh Fhógra Oifige 65/10 de chuid na Roinne sin le cinntiú go mbronnfar an marc bónais cuí as inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ar an ngearánach sa chás seo agus go bhfaighidh sí aon bhuntáiste a eascraíonn as an athmharcáil sin.
- (2) Go gcuirfidh an Roinn Coimirce Sóisialaí gach oifigeach a bhí san iomaíocht don chomórtas áirithe seo um ardú céime ar an eolas faoi fhionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe seo.
- (3) Go bhfiosróidh an Roinn Coimirce Sóisialaí an bhfuil marcanna bónais dlite d'oifigh eile a bhí san iomaíocht sa chomórtas seo um ardú céime de thoradh fhionnachtana an imscrúdaithe seo.
- (4) Go gcinnteoidh an Roinn Coimirce Sóisialaí go gcuirfear forálacha reachtúla teanga na gclár cuí i bhfeidhm go hiomlán feasta i ngach comórtas um ardú céime dá cuid agus nach mbeidh deonú na marcanna bónais ag brath ar aon choinníollacha breise. Go sonrach, níor cheart feasta go mbeadh deonú na marcanna bónais á theorannú go dtí an tráth a mbeadh *“an t-ord fíúntais deiridh á chinneadh”* ná go mbronnfaí na marcanna bónais orthu siúd amháin *“a ghnóthaíonn áit ar an bpainéal tar éis an agallaimh”*.
- (5) Go gcuirfidh an Roinn Coimirce Sóisialaí an tAire atá freagrach as socrú téarmaí agus coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach faoi réir alt 17 d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ar an eolas faoi fhionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe nua seo [IM-021E].

CAIBIDIL 5

Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin IR 14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Fo-alt 28(1)

Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.

Fo-alt 28(2)

Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.

Fo-alt 28(3)(a)

I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.

Fo-alt 28(3)(b)

Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.

Fo-alt 28(4)

Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrúfar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.

CAIBIDIL 6

Tuairimí á Lorg

Faoi fho-alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar an Roinn Coimirce Sóisialaí, más mian léi sin a dhéanamh, aon tuairimí a bheadh aici maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faighte ag an Roinn.

Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga

Dáta: _____

Appendix C

Reference No: E109/254/74; **Date:** 21/11/75

Circular 43/1975:- Irish requirements in the Civil Service

A Dhuine Uasail

1. I am directed by the Minister for the Public Service to refer to this Department's Circular Letter 9/74 conveying the Government's decision that the position as to Irish requirements in the Civil Service will in future be as follows:

(a) A knowledge of Irish will not be obligatory for entry to Civil Service positions apart from those for which Irish is essential for the performance of the duties, This change will also apply at confined competitions for the establishment of temporary and unestablished staff.

(b) Proficiency in Irish and in English will be given equal credit at recruitment and establishment competitions. Candidates will be allowed to present either Irish or English or both. Those shown to be proficient in both languages will get credit for this in determining the order of merit. This system will supersede all previous arrangements including the absolute preference given for a "competent" knowledge of Irish at professional and technical competitions.

(c) The probationary Irish tests will no longer apply.

(d) Except where Irish is essential for the performance of the duties, a knowledge of Irish will not be obligatory for eligibility for promotion where this requirement previously applied. A knowledge of Irish will, however be one of the factors which will be assessed in selecting staff for promotion. The formal promotion tests hitherto conducted by the Civil Service Commission will continue to be available to give staff an opportunity of having their knowledge of Irish assessed. The courses provided by Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí, which enable staff to acquire a knowledge of Irish or to improve their existing knowledge, will be expanded. Successful completion of these courses will continue to be accepted as the equivalent of passing the Civil Service Commission promotion tests.

IMPLEMENTATION OF THE NEW ARRANGEMENTS
Recruitment and establishment competitions

2. The changes at (a) and (b) of paragraph 1 are being applied at recruitment competitions conducted by the Civil Service Commissioners. They are also being applied at confined establishment competitions according as these competitions are agreed.

Probationary tests

3. The probationary Irish tests were abolished with effect from 11 November 1974. Where on 11 November 1974 payment of an increment or increments was being withheld from any officer on probation solely because of failure at the probationary Irish test the increment(s) became payable with effect from that date. Payment of the restored increment(s) should not, however, be made in respect of the period of deferment.

Promotions - period after 1 April 1976

4. Consideration is being given to the detailed arrangements necessary to give effect in the long-term to (d) of paragraph 1. These arrangements relate to

- * the standards of proficiency in Irish and English to be accepted in respect of different levels and types of promotion
- * the precise method of assessing such proficiency
- * the credit to be given for it in various circumstances.

As it will take some time to settle these new arrangements in detail and as, in any event, staff may need a period in which to adjust to them, it is not envisaged that the new arrangements, in fully developed form, will come into operation until 1 April 1976. A further Circular will issue on this matter as soon as possible.

Promotions - period up to 1 April 1976

(a) Confined interview competitions and departmental promotions for grades which have been subject to Irish requirements

5. In the period to 1 April 1976, (d) of paragraph 1 will be implemented on the following basis at confined interview competitions, and in relation to the departmental selection of staff, for promotion to posts which have been subject to Irish requirements:

(1) Subject to (4), credit for proficiency in Irish and English will be given to those who (i) have passed a relevant Irish test conducted by the Civil Service Commissioners or completed appropriate attendance at Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí and (ii) are accepted, as a result of the selection process for promotion, as proficient in English.

(2) The detailed arrangements for the assessment of proficiency in Irish for the purposes of (1) will be as follows

(a) In the period until results become available from the tests listed at (b), officers who were not liable for or have not fulfilled the previous Irish promotion test requirements and who come up for promotion either departmentally or by way of interview competition will be given an opportunity, if they so wish, of taking a special oral Irish test. The test will be conducted by the Civil Service Commissioners. It will be accepted as establishing proficiency in Irish only in respect of the period mentioned. It is important that the Civil Service Commission be given as much notice as possible of tests required.

In this interim period, therefore, officers will be accepted as proficient in Irish if they have passed the special oral Irish test or had fulfilled the previous Irish promotion test requirements or have satisfactorily attended a relevant Gaeleagras course.

(b) Irish tests on the lines of the previous "5-year" promotion tests will continue to be held by the Civil Service Commissioners to give officers who so wish an opportunity of having their knowledge of Irish assessed for promotion purposes. The next series of such tests will be held as follows:

11 February 1976 - for officers at Executive Officer level and higher.

12 February 1976 - for officers below Executive Officer level.

The tests may in future be taken by any officer out of probation and will be available on a completely voluntary basis. Details of the tests will be announced in due course and it will be up to officers themselves to enter for them, if they so wish. Application forms will be available from the Civil Service Commission and Personnel Branches. Completed application forms must be with the Civil Service Commission not later than three weeks before the date of the tests.

After the results of each of the tests listed become available, officers in the relevant categories will be regarded as proficient in Irish if they have passed these tests or had already fulfilled the previous Irish promotion test requirements or have satisfactorily attended an appropriate Gaeleagras course.

(3) Officers whose proficiency in both Irish and English has not been established will not, of course, be excluded from consideration for promotion. Where selection for promotion is made on a formal basis the credit for proficiency in both Irish and English will be 10% of the total marks available otherwise. A weighting on similar lines will be applied where selection is made on a less formal basis. Proficiency in Irish will continue to be a requirement for assignment and promotion to positions in certain Departments e.g. assignments under the Higher Executive Officer promotion scheme to Roinn na Gaeltachta.

(4) Officers who by reference to date of birth or date of entry to the Civil Service were exempt from the Irish promotion requirements which previously applied will automatically qualify for a credit as indicated at (3) in the context of their first promotion after the date of this Circular. To qualify for the credit for the purposes of any subsequent promotion they must satisfy the Irish requirements applicable to other members of their grades. These arrangements will not apply at competitions announced before the date of this Circular.

(b) Confined written competitions

6 As regards confined written competitions, (d) of paragraph 1 is being implemented as follows. Candidates must, as part of the competition, take a written test in Irish or in English but they may take both the Irish and English tests. If they take both tests and qualify in them the marks for both subjects reckon towards the order of merit.

(c) Promotion to Posts not previously subject to Irish requirements

7. The position in relation to promotion to posts which have not been subject to Irish requirements will remain unchanged in the period to 1 April 1976.

CIRCULATION

8 Please bring this Circular to the attention of all officers serving in your Department/Office. DPS Circular Letter 9/74 is hereby cancelled.

Mise le meas
S O Conaill

Appendix D

Reference No: E109/65/78; **Date:** 20/11/90

Circular 30/1990:- Credit for proficiency in both Irish and English in confined promotion competitions

A Dhuine Uasail

1. I am directed by the Minister for Finance to convey the following instructions to Departments arising out of his acceptance of an agreed recommendation of the General Council, under the Scheme of Conciliation and Arbitration (Main Scheme), concerning the credit to be awarded for proficiency in both Irish and English in confined promotion competitions.

2. The revised credit system provides as follows:

(a) the system for awarding credit for proficiency in Irish and English at written promotion competitions will be equivalent to the system applicable to interview competitions;

(b) the level of the proficiency bonus will be reduced;

(c) subject to certain transitional arrangements (referred to below), continued entitlement to the proficiency bonus will entail periodic retesting of a candidate's proficiency.

3. To give effect to the above the following arrangements shall be substituted for the arrangements provided for in paragraph 5(3) (interview competitions) and 6 (written competitions) of Circular 43/75:

(i) no credit shall be awarded unless proficiency has been established in the manner provided for in paragraph 5(2) of Circular 43/75 within 10 years of the closing date for applications for the competition (but see (iv) below);

(ii) a credit amounting to 6% of the marks available for the competition shall be awarded where proficiency has been established in the manner provided for in paragraph 5(2) of Circular 43/75 within 5 years of the closing date for applications for the competition;

(iii) a credit amounting to 3% of the marks available for the competition shall be awarded where proficiency has been established in the manner provided for in paragraph 5(2) of Circular 43/75 more than 5 years but less than 10 years before the closing date for applications for the competition;

(iv) as a transitional arrangement, officers who, at the date of issue of this Circular, have established proficiency in the manner provided for in paragraph 5 (2) of Circular 43/75 will retain an entitlement to claim a credit of 6% of the marks available for the competition for as long as they remain in the grade in which they are serving at the date of issue of this Circular.

4. The above arrangements will apply to all confined promotion competitions whether they are by way of interview or written examination.

5. The revised arrangements provided for in this Circular will apply to competitions announced after the date of issue of this Circular.

Mise le meas
J McGovern
Assistant Secretary

Appendix E



An Roinn Coimírce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid Stórais
Baile Átha Cliath 1,
Brainse Pearsanra



Department of Social Protection
Áras Mhic Dhiarmada
Store Street
Dublin 1,
Personnel Branch

☎: (01) 7043000 Fax: (01) 7043801

Tag: IM-012D

Sean Ó Cuirreáin,
An Coimisinéir Teanga
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Imscrúdú faoi fho-alt 21(f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ábhar an Imscrúdaithe

Ar comhlíonadh go cuí na dualgais teanga atá daingnithe i bhforálacha de chuid na gcioclán 43/75 agus 30/90 de chuid na Roinne Airgeadais atá eisithe de bhun agus de bhua alt 17 d'Acht Rialuithe na Státseirbhíse 1956 i dtaca le marcanna bónais a thabhairt d'inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gcomórtas d'ardú céime a bhí fógartha i bhfógra Oifige 45/10 i gcás gearánach ainmnithe.

An Choimisinéir, a chara


Tagraim do do litir den 21 Márta 2011 chuig an Aire Coimírce Sóisialaí ina raibh Tuarascáil do thorthaí agus do mholtaí maidir leis an imscrúdú thuas a seoladh de réir fho-alt 26(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Scrúdaigh an Roinn an Tuarascáil agus de réir mholadh uimhir a cúig, cuireadh an t-ábhar ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais. Tá comhráite ar siúl i láthair na huair idir an Roinn Airgeadais, an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig an Ard-Aighne maidir leis na ceisteanna a tarraingíodh anuas sa Tuarascáil agus tabharfar freagra ort in am trátha.


Idir an dá linn, is dóigh leis an Roinn nár chuí na moltaí eile a chur i ngníomh toisc go bhfuil buairt ann, dá gcuirfí i ngníomh iad, go bhféadfai na nithe seo a leanas a sháru:

- Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
- gnás na Státseirbhíse maidir le comórtas um ardú céime agus
- Imlitreacha na Roinne Airgeadais.

Is mise, le meas



Dr Orlaigh Quinn
Rúnaí Cúnta
30 Bealtaine 2011



Appendix F



An Roinn Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid Stórais
Baile Átha Cliath 1.
Brainse Pearsanra



Department of Social Protection
Áras Mhic Dhiarmada
Store Street
Dublin 1.
Personnel Branch

☎: (01) 7043000 Fax: (01) 7043801

Tag: IM-012E

Sean Ó Cuirreáin,
An Coimisinéir Teanga
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Imscrúdú faoi fho-alt 21(f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ábhar an Imscrúdaithe

Ar comhlíonadh go cuí na dualgais teanga atá daingnithe i bhforálacha de chuid na gCiorclán 43/75 agus 30/90 de chuid na Roinne Airgeadais atá eisithe de bhun agus de bhua alt 17 d'Acht Rialuithe na Státseirbhíse 1956 i dtaca le marcanna bónais a thabhairt d'inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gcomórtas d'ardú céime a bhí fógartha i bhfógra Oifige 65/10 i gcás gearánach ainmnithe.

An Choimisinéir, a chara

Tagraím do do litir den 23 Meitheamh 2011 chuig an Aire Coimirce Sóisialaí ina raibh Tuarascáil do thorthaí agus do mholtaí maidir leis an imscrúdú thuas a seoladh de réir fho-alt 26(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Scrúdaigh an Roinn an Tuarascáil agus de réir mholadh uimhir a cúig, cuireadh an t-ábhar ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais. Tá comhráite ar siúl i láthair na huair idir an Roinn Airgeadais, an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig an Ard-Aighne maidir leis na ceistanna a tarraingfodh anuas sa Tuarascáil agus tabharfar freagra ort in am trátha.

Idir an dá linn, is dóigh leis an Roinn nár chuí na moltaí eile a chur i ngníomh toisc go bhfuil buairt ann, dá gcuirfí i ngníomh iad, go bhféadfaí na nithe seo a leanas a shárú:

- Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
- gnás na Státseirbhíse maidir le comórtais um ardú céime agus
- Imlitreacha na Roinne Airgeadais.

Is mise, le meas

Celine Moore
Oifigeach Pearsanra
11 Iúil 2011



Appendix G



Oifig an Ard-Rúnaí
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid Stórais
Baile Átha Cliath 1

Office of the Secretary-General
Department of Social Protection
Áras Mhic Dhiarmada
Store Street
Dublin 1

☎ (01) 7043000 Facs / Fax (01) 7043721

Tag: Imscrúdú IM-012D
Imscrúdú IM-012E

Colm O Coisdealbha
Bainisteoir Géilliúlachta
Oifig an Choimisinéara Teanga
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

A chara,

Tagraim do do litir den 16 Samhain 2011 maidir le dhá cheann d'imscrúduithe reachtúla a rinne Oifig an Choimisinéara Teanga ar an Roinn Coimirce Sóisialaí i dtaobh bronnadh marcanna bónais as inniúlacht sa Ghaeilge i gcomórtais ardú céime agus do na tuarascálacha dá éis den 21 Márta 2011 agus den 23 Meitheamh 2011.

Thug an Roinn freagra ar na tuarascálacha sin i litreacha den 3 Bealtaine 2011 agus den 11 Iúil 2011.


Tá an Roinn sásta go ngéilleann sí go hiomlán do Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Phoiblí agus do ghnás na Státseirbhíse maidir le comórtais ardú céime agus d'implitreacha na Roinne Airgeadais. Ní bheadh sé ar chumas na Roinne aon cheann de mholtaí na tuarascálacha a chur i ngníomh toisc go gciallódh sin leasú aontaobhach a dhéanamh ar bheartas láraontaithe.

Mar a dúradh sna litreacha roimhe seo cuireadh na nithe a tarraingíodh anuas sna tuarascálacha ar aghaidh go dtí an Roinn Airgeadais (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar atá anois) mar an Roinn atá freagrach as téarmaí agus coinníollacha do státseirbhísigh a shocrú. D'fhéadfadh sé gur mhaith leat teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun na nithe atá tarraingthe anuas agat a phlé.

Is mise, le meas,

Niamh O'Donoghue
Ard-Rúnaí

← Nollaig 2011



CC: Ms Mary McKeon, Príomhoifigeach, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe